COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 22.3.2007
COIM(2007) 129 leagan deireanach

2007/0051 (COD)

Togra do

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh feola agus beostoic**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1) Comhthéacs an togra

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá staidreamh ar fheoil agus ar bheostoc fíor-riachtanach chun margaí an AE a bhainistiú. Tá an reachtaíocht reatha tagtha chun a bheith chomh casta sin gur beartaíodh codú ingearach agus cothrománach araon, ach níor léir gurbh í seo an tslí ba éifeachtúla chun reachtaíocht níos fearr a bhunú. Measadh freisin go raibh sé fíor-riachtanach staidreamh feola éanlaithe a chuimsiú chomh maith le staidreamh muiceola, mairteola, caoireola agus feola gabhair.

- **Comhthéacs ginearálta**

Tá an togra seo i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le reachtaíocht níos fearr, simpliú agus laghdú an ualaigh ar fhreagróirí.

- **Forálacha atá ann cheana**

Ceapadh an togra seo chun na forálacha reatha a shimpliú agus chun iad a chur in oiriúint do riachtanais nua an Aontais Eorpaigh. Ba cheart dá bhrí sin go n-aisghairfí an reachtaíocht atá ann cheana, eadhon Treoir 93/23/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh muc, Treoir 93/24/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh bó-ainmhithe agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar stoic caorach agus gabhar, a aisghairm.

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Tá staidreamh a bhaineann leis an togra seo fíor-riachtanach chun an comhbheartas talmhaíochta a bhainistiú agus a mheasúnú.

Tá an Rialachán beartaithe i gcomhréir le cur chuige polaitiúil nua an Choimisiúin i leith simpliú reachtaíochta agus rialú níos fearr dá dtagraítear i dTeachtaireachtaí an 14 Samhain 2006 maidir le "athbhreithniú straitéiseach ar Rialú níos fearr san Aontas Eorpach" agus maidir le "laghdú an ualaigh freagartha, simpliú agus socrú tosaíochtaí i réimse an staidrimh Chomhphobail"[2]. Tá sé ar cheann de na gníomhaíochtaí meara arna n-aithint in Iarscríbhinn III de Theachtaireacht an 24 Eanáir 2007 maidir le "clár gníomhaíochta chun ualaí riaracháin a laghdú san Aontas Eorpach"[3].

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún COM(2006) 689 críochnaitheach: "Athbhreithniú straitéiseach ar Rialú níos fearr san Aontas Eorpach".

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle "maidir le laghdú an ualaigh freagartha, simpliú agus socrú tosaíochtaí i réimse staidrimh Comhphobail" (COM(2006)693 críochnaitheach).

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún COM(2007) 23 críochnaitheach: "Clár Gníomhaíochta chun Ualaí Riaracháin a laghdú san Aontas Eorpach".

## 2) Comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus measúnú iarmharta

- **Comhairliúchán le páirtithe leasmhara**

*Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díríodh orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Rinneadh an togra a phlé le soláthraithe sonraí (ionadaithe na nInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh) agus seirbhísí Coimisiúin (Ard-S na Talmhaíochta) trí Ghrúpaí Oibre agus tríd an mBuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta (BST).

*Achoimre ar na freagraí agus conas mar a cuireadh san áireamh iad*

Is toradh ar dhianchaibidlíocht idir na páirtithe leasmhara go léir é an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

*An Saineolas lena mbaineann*

Ba shaineolaithe iad na hionadaithe náisiúnta i gcruinnithe Ghrúpa Oibre Ard-S Eurostat "Staidreamh ar Tháirgí Ainmhíocha" a raibh eolas acu ar an reachtaíocht reatha agus ar na córais náisiúnta chun staidreamh táirgí ainmhíocha a bhailiú agus a thiomsú. I measc oifigigh an Choimisiúin bhí saineolaithe ar anailís bheartais.

*Na príomheagraíochtaí/saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo*

Ba as na hInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh agus as Ard-S na Talmhaíochta iad na saineolaithe. Chuathas i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta agus a ghrúpa oibre "Staidreamh Ainmhithe" agus bhí leor-bhaint acu leis.

*Achoimre ar an gcomhairle a fuarthas agus a úsáideadh*

Áiríodh go raibh an freagra thar a bheith dearfach agus tacúil. Níor luadh go raibh priacail thromchúiseacha ionchasacha ann a mbeadh iarmhairtí do-athraithe de thoradh orthu.

Ós rud é gur simpliú mór ar an reachtaíocht atá ann cheana é an togra, níor aithníodh aon phriacail.

*Modhanna a úsáideadh chun comhairle na saineolaithe a chur ar fáil don phobal*

Tá na doiciméid oibre agus miontuairiscí chruinnithe an BST agus an ghrúpa oibre ar fáil trí CIRCA.

- **Measúnú iarmharta**

Is simpliú ar an reachtaíocht atá ann cheana é an togra seo.

Measadh nach raibh feachtas faisnéise ná dreasachtaí airgeadais ar bith iomchuí.

**3) Gnéithe dlíthiúla den togra**

- **Achoimre ar an ngníomh atá molta**

Is é cuspóir an Rialacháin seo ná go soláthróidh Ballstáit an AE staidreamh ar bheostoc (dhá uair sa bhliain ar mhuca agus ar bhó-ainmhithe agus uair sa bhliain ar chaoirigh agus ar ghabhair), staidreamh míosúil ar mharuithe (cloigne agus meáchain chonablach muc, bó-ainmhithe, caorach, gabhar agus éanlaithe), agus réamhaisnéisí ar tháirgeadh feola (muiceoil, mairteoil, caoireoil agus feoil ghabhair).

- **Bunús dlí**

Soláthraíonn Airteagal 285 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh bunús dlí do staidreamh Comhphobail. Glacfaidh an Chomhairle, agus í ag gníomhú de réir nós imeachta an chomhchinnidh, bearta chun staidreamh a sholáthar nuair is gá chun gníomhaíochtaí an Chomhphobail a chomhlíonadh. San Airteagal seo leagtar amach na ceanglais i ndáil le soláthar staidreamh Comhphobail a sholáthar, ag sonrú go gcaithfear caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíoch, éifeachtúlachta costais, agus rúndachta staidrimh a chomhlíonadh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Ní féidir cuspóirí an togra seo, eadhon creat coiteann a bhunú do sholáthar córasach staidreamh an Chomhphobail ar bheostoc agus ar tháirgeadh feola, a chur i gcrích go leordhóthanach ag na Ballstáit.

Is féidir iad a chur i gcrích níos fearr ar leibhéal an Chomhphobail ar bhonn gnímh dhlíthiúil Chomhphobail, mar is é an Coimisiún amháin atá in ann an comhchuibhiú faisnéise staidrimh is gá a chomhordú ar leibhéal an Chomhphobail, fad is a fhéadfaidh na Ballstáit an bailiú sonraí agus tiomsú staidrimh chomparáidigh ar bheostoc agus ar tháirgeadh feola a eagrú. Féadfaidh an Comhphobal beart a ghlacadh chun na críche seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an Rialachán seo ach leis an íosmhéid a cheanglaítear a dhéanamh chun a chuspóir a chur i gcrích agus ní théann sé thar an méid atá riachtanach chun na críche sin. Ní dhéanann an Rialachán seo na sásraí bailithe sonraí do gach Ballstát a shonrú, ní dhéanann sé ach na sonraí atá le soláthar a shainmhíniú chun struchtúr agus amchlár comhchuibhithe a áirithiú.

Níl aon oibleagáid ar na Ballstáit athruithe a dhéanamh ar a gcórais riaracháin i ndáil le soláthar staidrimh feola agus beostoic. Is é an t-aon rud nua ar ina leith a mholtar sonraí a bhailiú sa Rialachán seo ná éanlaith, rud atá á chur i bhfeidhm cheana ar leibhéal an AE faoi chomhaontú oinigh.

Ba cheart go laghdódh na nithe seo a leanas an t-ualach airgeadais agus riaracháin ar údaráis náisiúnta: an ceanglas le haghaidh staidrimh in ionad torthaí suirbhéanna, minicíocht laghdaithe soláthairtí sonraí áirithe agus an fhéidearthacht chun úsáid níos fearr a bhaint as foinsí eile seachas suirbhéanna (e.g. foinsí riaracháin).

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá molta: Rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar na cúiseanna seo a leanas:

Braitheann rogha na hionstraime iomchuí ar an gcuspóir reachtach. I bhfianaise na riachtanas faisnéise ag leibhéal Eorpach, is gnách i gcás staidrimh Chomhphobail rialacháin a úsáid in ionad treoracha le haghaidh gníomhartha bunúsacha. Is fearr rialachán mar leagann sé síos an dlí céanna ar fud an Chomhphobail, gan deis a thabhairt do na Ballstáit é a chur i bhfeidhm go neamhiomlán nó go roghnach. Tá sé infheidhme go díreach, a chiallaíonn nach gá é a thrasuí sa dlí náisiúnta. I gcontrárthacht leis sin, tá treoracha, a bhfuil sé d'aidhm acu dlíthe náisiúnta a chomhchuibhiú, ina gceangal ar Bhallstáit maidir lena gcuspóirí, ach fágann siad faoi na húdaráis náisiúnta an fhoirm agus na modhanna a roghnú chun na cuspóirí seo a chur i gcrích. Ní mór iad a thrasuí sa dlí náisiúnta chomh maith. Tá úsáid rialacháin i gcomhréir le gníomhartha dlíthiúla staidrimh eile arna nglacadh ó 1997 i leith.

**4) Impleachtaí buiséadacha**

Níl aon impleachtaí ag an togra do bhuiséad an Chomhphobail.

**5) Breis eolais**

- **Simpliú**

Foráiltear sa togra do shimpliú reachtaíochta, simpliú nósanna imeachta riaracháin d'údaráis náisiúnta (AE nó náisiúnta) agus simpliú nósanna riaracháin do pháirtithe príobháideacha.

Déanfaidh na nithe seo a leanas obair an AE agus na riarachán náisiúnta a shimpliú: miondealú laghdaithe sonraí de réir réigiún agus méid na dtréad, minicíocht laghdaithe suirbhéanna muc, díolúintí arna ndeonú do Bhallstáit a bhfuil líon ainmhithe faoi tháirseacha áirithe acu, agus spriocdhátaí tarchuir comhchuibhithe.

Déanfaidh úsáid foinsí riaracháin in ionad suirbhéanna an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú.

Tá an moladh seo mar chuid de Chlár Oibre agus Reachtach an Chomhphobail faoin tagairt ESTAT/2007/ENTR/002.

- **Aisghairm reachtaíochta atá ann cheana**

Má ghlactar leis an togra, déanfar reachtaíocht reatha a aisghairm.

- **An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**

Baineann an gníomh beartaithe le hábhar LEE agus ba cheart de bharr an méid sin go gcuimseodh sé an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

2007/0051 (COD)

Togra do

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh feola agus beostoic**

**(Téacs is ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[4],

Ag gníomhú de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh[5],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leasaíodh go mion minic Treoir 93/23/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh muc[6], Treoir 93/24/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh bó-ainmhithe[7] agus Treoir 93/25/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar stoic caorach agus gabhar[8]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe agus simplithe riachtanach anois, ba cheart ar mhaithe le soiléireacht, rud a chur in ionad na ngníomhartha seo, de réir chur chuige polaitiúil nua an Choimisiúin maidir le simpliú na reachtaíochta Comhphobail agus rialaithe níos fearr.

(2) Chun a áirithiú go ndéanfar an comhbheartas talmhaíochta a riaradh i gceart, go háirithe a mhéid a bhaineann sé le margaí muiceola, mairteola, laofheola, caoireola, feola gabhar agus feola éanlaithe, éilíonn an Coimisiún sonraí rialta ar threochtaí i mbeostoc agus i dtáirgeadh muiceola, mairteola, laofheola, caoireola, feola gabhar agus feola éanlaithe.

---

4 IO C […], […], lch. […].

5 IO C […], […], lch. […].

6 IO L 149, 21.6.1993, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

7 IO L 149, 21.6.1993, lch. 5. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

8 IO L 149, 21.6.1993, lch. 10. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

(3) I Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle an 29 Feabhra 1988 maidir le heagrú suirbhéanna Comhphobail ar struchtúr gabháltas talmhaíochta[9] foráiltear do chlár suirbhéanna Comhphobail chun staidreamh a sholáthar ar struchtúr gabháltas talmhaíochta suas go 2007.

(4) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le bunú rangú coiteann d'Aonaid Chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS)[10], ba cheart go n-úsáidfear rangú NUTS i dtaca le staidreamh na mBallstát go léir a tharchuirfear chuig an gCoimisiún agus a mhiondealófar de réir aonad críochach. Da bhrí sin, chun staidreamh réigiúnach comparáideach a bhunú, ba cheart na haonaid chríochacha a shainmhíniú de réir rangú NUTS.

(5) Chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a éascú, beidh dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag teastáil agus is féidir é seo a chur i gcrích tríd an mBuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta arna bhunú ag Cinneadh 72/279/CEE ón gComhairle[11].

(6) Tá na bearta le haghaidh soláthair staidrimh dá bhforáiltear sa Rialachán seo riachtanach chun gníomhaíochtaí an Chomhphobail a chomhlíonadh. Ós rud é nach féidir cuspóir an ghnímh bheartaithe, eadhon creat coiteann dlí a bhunú do sholáthar córasach staidreamh an Chomhphobail ar fheoil agus ar bheostoc sna Ballstáit a chur i gcrích go leordhóthanach ag na Ballstáit agus gur féidir é a chur i gcrích níos fearr ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal gníomhú i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar atá arna leagan amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir seo a bhaint amach.

(7) Déanann Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle an 17 Feabhra 1997 maidir le staidreamh Comhphobail[12] creatlach tagartha a chur ar fáil le haghaidh forálacha an Rialacháin seo. Go háirithe, ceanglaítear leis nach mór cloí le caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíoch, éifeachtúlachta costais agus rúndachta an staidrimh.

(8) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba chóir iad a ghlacadh de réir Threoir 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[13].

(9) Go háirithe, ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun na coinníollacha faoina nglacann sé inneachar tuarascálacha cáilíochta agus faoina n-oiriúnaíonn sé na hIarscríbhinní a shainmhíniú. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta

---

9 IO L 56, 2.3.1988, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 204/2006 ón gCoimisiún (IO L 34, 7.2.2006, lch. 3).

10 IO L 154, 21.6.2003, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. /2007 ón gCoimisiún (IO L,.....2007, lch.).

11 IO L 179, 7.8.1972, lch. 1.

12 IO L 52, 22.2.1997, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú le Rialachán (CE) Uimh 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch.1).

13 IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh mar atá arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2004, lch. 1).

sin agus gur le haghaidh míreanna neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a ceapadh iad nó le haghaidh an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhíreanna nua neamhriachtanacha a chur leis, ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(10) Chuathas i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Is í aidhm an Rialacháin seo ná creat coiteann a bhunú do sholáthar córasach staidreamh an Chomhphobail ar bheostoc agus ar tháirgeadh feola, go háirithe

– Staidreamh ar bheostoc muc, caorach agus gabhar;

– Staidreamh maraithe ar mhuca, ar bhó-ainmhithe, ar chaoirigh agus ar éanlaith;

– Réamhaisnéisí táirgthe ar mhuiceoil, ar chaoireoil agus ar fheoil ghabhair.

*Airteagal 2*

**Mínithe**

Tá na mínithe chun críocha an Rialacháin seo leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

## ALT I

*Airteagal 3*

**Cuimsiú**

1. Soláthróidh na Ballstáit staidreamh i ndáil leis an líon muc, bó-ainmhithe, caorach agus gabhar a choinnítear ar ghabháltais thalmhaíochta laistigh dá gcríocha.

2. Déanfaidh na Ballstáit a sheolann suirbhéanna samplacha gabháltais thalmhaíochta leordhóthanacha a chuimsiú chun 95% ar a laghad den líon iomlán a áireamh, mar atá arna chinneadh ag an suirbhé deireanach ar struchtúr gabháltas talmhaíochta.

*Airteagal 4*

**Minicíocht agus tréimhse thagartha**

1. Soláthrófar an staidreamh beostoic muc dhá uair sa bhliain, eadhon lá amháin i mBealtaine/Meitheamh agus lá amháin i Samhain/Nollaig. Ní dhéanfaidh na Ballstáit sin, ar lú ná 3 mhilliún ceann a líon muc, an staidreamh seo a sholáthar ach uair amháin sa bhliain, eadhon lá amháin i Samhain/Nollaig.

2. Soláthrófar an staidreamh beostoic bó-ainmhithe dhá uair sa bhliain, eadhon lá amháin i mBealtaine/Meitheamh agus lá amháin i Samhain/Nollaig. Ní dhéanfaidh na Ballstáit sin, ar lú ná 1.5 mhilliún ceann a líon bó-ainmhithe, an staidreamh seo a sholáthar ach uair amháin sa bhliain, eadhon lá amháin i Samhain/Nollaig.

3. Déanfar an staidreamh beostoic caorach a sholáthar uair sa bhliain, eadhon lá amháin i Samhain/Nollaig, ag na Ballstáit sin a bhfuil líon caorach 500 000 ceann nó níos mó acu.

4. Déanfar an staidreamh beostoic gabhar a sholáthar uair sa bhliain, eadhon lá amháin i Samhain/Nollaig, ag na Ballstáit sin a bhfuil líon gabhar 500 000 ceann nó níos mó acu.

*Airteagal 5*

**Aicmí**

Déanfar an staidreamh beostoic a sholáthar le haghaidh na n-aicmí arna leagan amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 6*

**Beacht-cheanglais**

1. Tógfaidh na Ballstáit a sheolann suirbhéanna samplacha na céimeanna is gá chun go gcomhlíonfaidh torthaí eachtarshuite na suirbhéanna náisiúnta na beacht-cheanglais arna leagan amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Féadfaidh an Coimisiún a cheadú do Bhallstáit foinsí eile seachas suirbhéanna a úsáid i gcásanna a bhfuil call cuí leo.

3. I gcás foinsí eile seachas suirbhéanna, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an beachtas cothrom ar a laghad leis an mbeachtas a cheanglaítear i gcás suirbhéanna.

*Airteagal 7*

**Spriocdhátaí tarchuir**

1. Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi staidreamh sealadach ar bheostoc roimh:

– 15 Meán Fómhair den bhliain chéanna le haghaidh staidrimh do Bhealtaine/Mheitheamh;

– 15 Feabhra den bhliain dár gcionn le haghaidh staidrimh do Shamhain/Nollaig.

2. Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi staidreamh críochnaitheach ar bheostoc roimh:

– 15 Deireadh Fómhair den bhliain chéanna le haghaidh staidrimh do Bhealtaine/Mheitheamh;

– 1 Aibreán den bhliain dár gcionn le haghaidh staidrimh do Shamhain/Nollaig.

*Airteagal 8*

**Staidreamh réigiúnach**

Déanfar staidreamh do Shamhain/Nollaig a mhiondealú de réir aonad críochach NUTS 2 arna sainiú i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003. Mar eisceacht ní fhéadfaidh ach aonaid chríochacha NUTS 1 iad a sholáthar don Ghearmáin agus don Ríocht Aontaithe.

## ALT II

### STAIDREAMH MARAITHE

*Airteagal 9*

**Cuimsiú**

Solathróidh na Ballstáit staidreamh i ndáil le líon agus meáchan conablach muc, bó-ainmhithe, caorach, gabhar agus éanlaithe arna marú i seamlais ina gcríocha, a meastar an fheoil a bheith oiriúnach mar bhia don duine. Solathróidh said freisin meastacháin ar mharuithe lasmuigh de sheamlais, ionas go gcuimseoidh an staidreamh na muca, na bó-ainmhithe, na caoirigh, na gabhair agus an éanlaith go léir arna marú ina gcríocha.

*Airteagal 10*

**Minicíocht agus tréimhse thagartha**

1. Déanfar an staidreamh ar mharuithe i seamlais a sholáthar ar bhonn míosúil ag gach Ballstát. An mhí féilire a bheidh sa tréimhse thagartha.

2. Déanfar an staidreamh ar mharuithe lasmuigh de sheamlais a sholáthar ar bhonn bliantúil ag gach Ballstát. An bhliain féilire a bheidh sa tréimhse thagartha.

*Airteagal 11*

**Aicmí**

Déanfar an staidreamh maraithe a sholáthar le haghaidh na n-aicmí arna leagan amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*

**Spriocdhátaí tarchuir**

Cuirfidh Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi staidreamh maraithe laistigh de 60 lá tár éis na tréimhse tagartha.

## ALT III

### RÉAMHAISNÉISÍ TÁIRGTHE FEOLA

*Airteagal 13*

**Cuimsiú**

Úsáidfidh na Ballstáit an staidreamh a luadh in Ailt I agus II agus faisnéis eile atá ar fáil, chun réamhaisnéisí ar a soláthar muc, bó-ainmhithe, caorach agus gabhar a chur ar fáil. Cuirfear an soláthar seo in iúl mar olltáirgeadh dúchasach iomlán, a fhreagraíonn don líon muc, bó-ainmhithe, caorach agus gabhar a mharaítear móide comhardú na trádála in ainmhithe beo de na speicis seo laistigh agus lasmuigh den Chomhphobal.

*Airteagal 14*

**Minicíocht agus tréimhse thagartha**

1. Déanfaidh gach Ballstát na réamhaisnéisí le haghaidh muc agus bó-ainmhithe a sholáthar dhá uair sa bhliain.

2. Déanfaidh na Ballstáit ar mó ná 500 000 ceann a líon caorach na réamhaisnéisí le haghaidh caorach a sholáthar uair sa bhliain.

3. Déanfaidh na Ballstáit ar mó ná 500 000 ceann a líon gabhar na réamhaisnéisí le haghaidh gabhar a sholáthar uair sa bhliain.

4. Cuimseoidh na réamhaisnéisí ceithre ráithe le haghaidh muc, trí sheimeastar le haghaidh bó-ainmhithe agus dhá sheimeastar le haghaidh caorach agus gabhar.

*Airteagal 15*

**Aicmí**

Déanfar na réamhaisnéisí a sholáthar le haghaidh na n-aicmí arna leagan amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 16*

**Spriocdhátaí tarchuir**

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi réamhaisnéisí táirgthe feola roimh:

– 15 Feabhra i gcás réamhaisnéisí ó mhí Eanáir go deireadh an ceathrú ráithe den bhliain reatha le haghaidh muc, go deireadh an chéad seimeastar den bhliain dár gcionn le haghaidh bó-ainmhithe agus go deireadh an dara seimeastar den bhliain reatha le haghaidh caorach agus gabhar;

– 15 Meán Fómhair i gcás réamhaisnéisí ó mhí Iúil den bhliain reatha go deireadh an dara ráithe den bhliain dár gcionn le haghaidh muc agus go deireadh an dara ráithe den bhliain dár gcionn le haghaidh bó-ainmhithe.

## ALT IV

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 17*

**Tuarascálacha**

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú modheolaíochta nó eile a mbeadh tionchar nach beag aige ar staidreamh. Déanfar an méid seo tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an athraithe seo.

2. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún gach trí bliana, agus don chéad uair dhá mhí dhéag tar éis ghlacadh an Rialacháin seo, tuarascálacha cáilíochta ar staidreamh beostoic, ar staidreamh maraithe agus ar réamhaisnéisí táirgthe feola. Déanfaidh an Coimisiún inneachar na dtuarascálacha cáilíochta seo a shainmhíniú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2).

3. Tabharfar aird ar an bprionsabal nach dtéann na costais agus na hualaí breise thar teorainn réasúnta.

*Airteagal 18*

**Bearta feidhmiúcháin**

1. Glacfar leis na bearta seo a leanas is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2):

   (a) sainmhíniú ar inneachar na dtuarascálacha cáilíochta atá le soláthar ag Ballstáit (Airteagal 17(2));

   (b) modhnuithe ar na hIarscríbhinní.

2. Tabharfar aird ar an bprionsabal gur tábhachtaí na buntáistí a bhaineann le huasdátú ná a chostais, agus ar an bprionsabal nach dtéann costais agus ualach breise thar teorainn réasúnta.

*Airteagal 19*

**Nós imeachta coiste**

1. Beidh cúnamh le fáil ag an gCoimisiún ón mBuanchoiste um Staidreamh Talmhaíochta arna bhunú ag Airteagal 1 de Chinneadh 72/279/CEE ón gComhairle.

2. Nuair a dhéantar tagairt don alt seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a (1), (2), (3) agus (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 20*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Treoracha 93/23/CEE, 93/24/CEE agus 93/25/CEE ón gComhairle.

2. Déanfar na tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 21*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2008.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

**Sainmínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) 'gabháltas talmhaíochta' mar atá sé sainithe i Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle;

(b) 'suirbhé samplach' mar atá sé sainithe i Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle;

(c) ciallaíonn an téarma 'muca' ainmhithe clóis den speiceas *Sus*;

(d) ciallaíonn an téarma 'bó-ainmhithe' ainmhithe clóis den speiceas *Bos taurus*, *Bubalus bubalus* agus *Beefalo*;

(e) aicmí bó-ainmhithe:

| | Iarscríbhinn II | Iarscríbhinní IV agus V |
|---|---|---|
| Laonna | | Bó-ainmhithe nach mó ná 300 kg a mbeomheáchan agus nach bhfuil buanfhiacla acu go fóill |
| Laonna lena marú | Bó-ainmhithe atá faoi bhun aon bhliain d'aois agus atá le marú mar laonna | |
| Tairbh | | Fireannaigh bhuaibheacha neamhchoillte nach n-áirítear le laonna |
| Bulláin | | Fireannaigh bhuaibheacha choillte nach n-áirítear le laonna |
| Bodóga | Baineannaigh bhuaibheacha a bhfuil dhá bhliain d'aois nó níos mó acu nár rug lao go fóill | Baineannaigh bhuaibheacha nár rug lao go fóill agus nach n-áirítear le laonna |
| Bodóga lena marú | Bodóga a thógtar le haghaidh táirgeadh feola | |
| Bodóga eile | Bodóga a thógtar le haghaidh pórú agus a chuirfear in ionad ba déiríochta nó ba eile | |

| | | |
|---|---|---|
| Ba | Baineannaigh bhuaibheacha a rug lao (lena n-áirítear cinn atá faoi bhun dhá bhliain d'aois) | Baineannaigh bhuaibheacha a rug lao |
| Ba déiríochta | Ba a choimeádtar go heisiach nó go príomha le haghaidh táirgeadh bainne don duine agus/nó táirgí déiríochta, lena n-áirítear ba lena marú (cibé acu a ramhraíodh nó nár ramhraíodh iad idir an lachtadh deireanach agus marú) | |
| Ba eile | Ba eile seachas ba déiríochta, d'fhéadfaí aon bha tarraingthe a áireamh | |

(f) ciallaíonn an téarma 'caoirigh' ainmhithe clóis den speiceas *Ovis*;

(g) aicmí caorach:

Caoirigh agus uain bhaineanna a chuirtear chuig an reithe: baineannaigh den speiceas caorach a rug uan uair amháin ar a laghad chomh maith le hiad siúd a chuirtear chuig an reithe don chéad uair.

Caoirigh bhainne: Caoirigh a choimeádtar go heisiach nó go príomha chun bainne a tháirgeadh mar bhia don duine agus/nó lena phróiseáil i dtáirgí déiríochta. Áirítear anseo caoirigh bhainne (cibé acu a ramhraíodh nó nár ramhraíodh iad idir a lachtadh deireanach agus a marú).

Caoirigh eile: Caoirigh nach caoirigh bhainne iad.

Uain: Caoirigh fhireanna nó bhaineanna faoi bhun12 mhí d'aois.

(h) ciallaíonn an téarma 'gabhair' ainmhithe clóis den speiceas *Capra*;

(i) ciallaíonn an téarma 'éanlaith' éin chlóis den speiceas *Gallus domesticus* (sicíní), *Meleagris* (turcaithe), *Anas* (lachain) agus *Anser anser dom* (géanna), i measc cineálacha eile. Féadfaidh go n-áireofar sna cineálacha éanlaithe eile éin chlóis den speiceas *Coturnix* (gearga), *Phasianus* (piasúin), *Numida meleagris dom* (éanlaith ghuine), *Colombinae* (colúir), agus *Struthio camelus* (ostraisí). Ni áireofar anseo éin a thógtar sa chlós chun críocha fiaigh seachas chun críocha táirgthe feola;

(j) ciallaíonn an téarma 'conablach' corp ainmhí tar éis a mharaithe agus a chóirithe;

(k) ciallaíonn an téarma "meáchan conablaigh":

– i gcás muc, meáchan chorp fuar na muice maraithe, ina iomlán nó roinnte ina dhá leath ag an lár-líne, tar éis é a dhí-inniú, a fhuiliú agus an teanga, na guairí, na crúba, na baill ghiniúna, an tsaill, na duáin agus an scairt a bhaint de;

– i gcás bó-ainmhithe, meáchan chorp fuar an ainmhí mharaithe tar éis an craiceann a bhaint de, é a dhí-inniúa agus a fhuiliú, tar éis na baill ghiniúna sheachtracha, na géaga ag an gcarpas agus ag an tarsas, an ceann, an t-eireaball, na duáin agus saillte duáin, agus an t-úth a bhaint de;

– i gcás caorach agus gabhar, meáchan chorp an ainmhí mharaithe tar éis é a fhuiliú, an craiceann a bhaint de agus é a dhí-inniú, agus tar éis an ceann (á ghearradh ag an alt atlas-chúlphlaiceach), na cosa (á ngearradh ag na hailt carpa-meiteacarpacha nó tarsameiteatarsacha), an t-eireaball (á ghearradh idir an séú agus an seachtú veirteabra eireaballach) agus na baill ghiniúna (lena n-áirítear an t-úth) a bhaint de;

– i gcás éanlaithe, meáchan chorp fuar an éin mharaithe tar éis é a fhuiliú, a chluimhriú agus a dhí-inniú. Áirítear conamar éanlaithe, seachas foie gras.

(l) ciallaíonn an téarma 'seamlas' bunaíocht atá cláraithe agus faofa go hoifigiúil le haghaidh marú agus cóiriú ainmhithe a mbeartaítear a bhfeoil a úsáid mar bhia don duine.

## IARSCRÍBHINN II

**Aicmí a bhaineann le staidreamh beostoic**

Muca:

bainbh a bhfuil beomheáchan níos lú ná 20 kg acu

muca a bhfuil beamheáchan 20 kg nó níos mó ach faoi bhun 50 kg acu

muca á ramhrú, lena n-áirítear collaigh dhiúltaithe agus cránacha diúltaithe ag a bhfuil beomheáchan:

50 kg nó níos mó ach faoi bhun 80 kg

80 kg nó níos mó ach faoi bhun 11 kg

110 kg nó níos mó

muca pórúcháin ag a bhfuil beomheáchan 50 kg nó níos mó:

collaigh

cránacha cúpláilte, ina measc:

cránacha á gcúpláil don chéad uair

cránacha eile, ina measc:

céiseanna nár cúpláileadh go fóill

Bó-ainmhithe:

bó-ainmhithe atá faoi bhun aon bhliain d'aois:

laonna lena marú

eile:

fireann

baineann

bó-ainmhithe a bhfuil idir 1 agus 2 bhliain d'aois acu:

fireann

baineann

ainmhithe lena marú

eile:

bó-ainmhithe a bhfuil 2 bhliain d'aois nó níos mó acu:

fireann

baineann

bodóga:

bodóga lena marú

eile:

ba:

ba bainne

eile:

buabhaill:

buabhaill phórúcháin bhaineann

buabhaill eile

Caoirigh:

caoirigh agus uain bhaineanna a cuireadh chuig an reithe:

caoirigh bhainne agus uain bhaineanna bhainne a cuireadh chuig an reithe:

caoirigh agus uain bhaineanna eile a cuireadh chuig an reithe:

caoirigh eile

Gabhair:

gabhair a rug mionnán cheana agus gabhair chúpláilte

gabhair a rug mionnán cheana

gabhair a cúpláileadh don chéad uair

gabhair eile

## IARSCRÍBHINN III

**Beacht-cheanglais**

I gcás suirbhéanna beostoic, ní rachaidh na hearráidí samplála maidir le torthaí gach Ballstáit thar (mar atá leibhéal muiníne 68%):

(a) 2% de líon iomlán na muc (5% i gcás ina bhfuil líon na muc níos lú ná 1 000 000 ceann);

(b) 1% de líon iomlán na mbó-ainmhithe (5% i gcás ina bhfuil líon na mbó-ainmhithe níos lú ná 1 000 000 ceann);

(c) 1.5 % de líon iomlán na mbó (5% i gcás ina bhfuil líon na mbó níos lú ná 500 000 ceann);

(d) 2% de líon iomlán na gcaorach agus na ngabhar (5% i gcás ina bhfuil líon na gcaorach agus na ngabhar níos lú ná 1 000 000 ceann).

## IARSCRÍBHINN IV

**Aicmí a bhaineann le staidreamh maraithe**

Muca: gan aon mhiondealú

Bó-ainmhithe:

- laonna
- bodóga
- ba
- tairbh
- bulláin

Caoirigh:

- uain
- eile

Gabhair: gan aon mhiondealú

Éanlaith:

- sicíní
- turcaithe
- lachain

## IARSCRÍBHINN V

**Aicmí a bhaineann le réamhaisnéisí táirgthe feola**

Muca: gan aon mhiondealú

Bó-ainmhithe:

- laonna
- bodóga
- ba
- Tairbh agus bulláin

Caoirigh: gan aon mhiondealú

Gabhair: gan aon mhiondealú